
# Imní faoi Ghaelcholáiste i mBaile Átha Cliath



Eochairfhocail: gaelcholáiste, earcú, agóid, snas, cinnteacht, próiseas earcaíochta

Príomhscileanna: éisteacht, scríobh, léitheoireacht, labhairt

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1. Cad a bhí ar siúl ag daltaí ó chúig ghaelscoil éagsúla taobh amuigh den Dáil?
2. Cén post atá ag Hildegarde Naughton TD?
3. Cad a d'fhógair an Roinn Oideachais i mí Mheán Fómhair 2024?
4. Cad iad na poist scoile a luann Julian de Spáinn?
5. Cad atá á dhéanamh ag cuid de na múinteoirí atá ag obair sa scoil cheana féin, dar le Julian?
6. Cá mbeidh an gaelcholáiste lonnaithe i dtús báire?
7. Cad é an príomhrud a theastaíonn anois ó gach éinne, dar le hAengus Ó Snodaigh TD?
8. Cad iad an dá chúis a bhfuil Aoibhinn Mitchell ag iarraidh dul go gaelcholáiste?
9. Cén próiseas a luaigh an Roinn Oideachais ina ráiteas a bhfuil tús curtha acu leis?
10. An dóigh leat gur rud maith é gaelcholáiste nua a oscailt i mBaile Átha Cliath? Cén fáth?



## Gníomhaíocht Smaointeoireachta: Fíor nó Bréagach

**Féach ar an bhfíseán arís agus ag obair le do pháirtí ranga, aimsígí an bhfuil na ráitis seo a leanas fíor nó bréagach**

| | |
|---|---|
| **Is ar Shráid Synge a bheidh gaelcholáiste nua á oscailt go luath** | **F** |
| Tá an-éileamh ann le fada do ghaelcholáiste nua sa chuid sin de Bhaile Átha Cliath | |
| Is Teachta Dála de chuid Fhianna Fáil é Aengus Ó Snodaigh | |
| Tá an gaelcholáiste nua in ainm is a bheith ag oscailt i mí Mheán Fómhair na bliana seo | |
| Níl suíomh roghnaithe ar champas Shráid Synge go fóill do sheomraí ranga an ghaelcholáiste | |
| Eolas, thar aon ní eile, atá á lorg ag daoine anois ón Roinn Oideachais maidir leis an ngaelcholáiste nua seo | |
| Níl aon leas-phríomhoide ceaptha fós don ghaelcholáiste | |
| Tá cúpla gaelscoil suite sa cheantar mórthimpeall Shráid Synge | |
| Ard-Rúnaí Raidió na Gaeltachta atá i Julian de Spáinn | |
| Tá na ceisteanna ar fad atá ag Julian faoin ngaelcholaiste freagartha ag an Roinn Oideachais | |
| Tá Míde Dálach Ní Bhraonáin ó Scoil Bhríde i rang a ceathair faoi láthair sa scoil sin | |
| Tá cabhair ar fáil do na múinteoirí atá ag iarraidh fanacht sa scoil agus iarracht a dhéanamh a bheith ag múineadh trí Ghaeilge | |

## Gníomhaíocht Scríbhneoireachta


**Is dalta tú i Scoil Bhríde i Raghnallach. D'fhreastail tú ar an agóid taobh amuigh de Theach Laighean. Déan cur síos ar an méid a tharla i rith an lae sin. Cabhróidh an foclóir seo a leanas leat. Is leor 150 focal a scríobh.**

- atmaisféar beomhar
- ag canadh in ard ár gcinn is ár ngutha
- Teachtaí Dála difriúla
- an-spraíúil
- grianghrafadóirí
- tuairisceoir ó TG4
- taobh amuigh de Theach Laighean
- i lár na cathrach
- tuirseach traochta ag deireadh an lae
- chuamar ar fad abhaile ar an mbus

## Freagraí

1. I mbun agóide
2. Aire Oideachais
3. Go ndéanfaí gaelcholáiste de scoil na mBráithre Críostaí ar Shráid Synge i mBÁC agus go n-osclófaí an áit i Meán Fómhair 2026
4. Leas-phríomhoide agus múinteoirí
5. Tá siad ag foghlaim na Gaeilge nó ag cur snas ar an nGaeilge atá acu cheana féin chun gur féidir leo a bheith ag múineadh trí Ghaeilge amach anseo
6. Sa bhunscoil
7. Cinnteacht
8. Mar tá grá aici don Ghaeilge agus tá sí ag iarraidh í a choinneáil beo
9. Próiseas earcaíochta chun múinteoirí le Gaeilge a fhostú

1. F
2. F
3. F
4. F
5. B
6. F
7. B
8. F
9. B
10. B
11. B
12. F






Foghlaim TG4
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta